C/2025/297

10.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/297)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Navarra'

PDO-ES-A0127-AM04

Dáta na teachtaireachta: 11.10.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Leasaíodh na cleachtais táirgthe agus na srianta i gcás fíonta rosé

Tuairisc:

Cuireadh teicnící brúite agus fuilithe san áireamh mar chleachtais táirgthe le haghaidh fíon rosé. Laghdaíodh céatadán na gcineálacha fíonchaor a bhfuil craiceann dearg orthu a úsáidtear chun fíonta rosé a dhéanamh ó 100 % go 85 %.

Leasaíodh pointe 3.3.b(b) den tsonraíocht táirge agus pointe 5.1.2 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin toisc nach n-athraíonn sé saintréithe fíor-riachtanacha an táirge, is é sin fíon ATFC 'Navarra', a eascraíonn as na tosca nádúrtha agus daonna le chéile. Ní bhréagnaíonn sé an nasc leis an limistéar geografach, ná ní hionann é agus aon cheann de na hathruithe eile a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Is é is cuspóir dó freisin úsáid na teicníce brúite a údarú chun fíon rosé a dhéanamh. Dá gceadófaí d'fhíonlanna an córas sin a úsáid chun fíonta níos éadroime agus níos ilúsáidí a tháirgeadh, bheadh sé níos éasca dóibh a dtáirgeacht rosé a chur in oiriúint do threochtaí an mhargaidh a éilíonn fíonta níos fionnuaire agus fíonta nach bhfuil chomh dlúth sin. Tá gá freisin leis an gceanglas a thabhairt isteach maidir le 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith ó chineálacha a bhfuil craiceann dearg orthu chun go mbeidh fíonlanna in ann suas le 15 % d'fhíonchaora ó chineálacha a bhfuil craiceann geal orthu a úsáid chun fíonta níos fadmharthanaí agus níos aigéadaí a tháirgeadh, mar gurb é sin an treocht tomhaltais atá le brath sa mhargadh.

2. Leasaíodh an uastáirgeacht i gcás fíon rosé

Tuairisc:

Tá an uastáirgeacht 32 heictilítear in aghaidh an heicteáir teoranta do tháirgeadh fíona rosé agus úsáid á baint as an teicníc fuilithe úrfhíon na gcineálacha fíonchaor dearg.

Leasaíodh pointe 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 5.2 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin toisc nach n-athraíonn sé saintréithe fíor-riachtanacha an táirge, is é sin fíon ATFC 'Navarra', a eascraíonn as na tosca nádúrtha agus daonna le chéile. Ní bhréagnaíonn sé an nasc leis an limistéar geografach, ná ní hionann é agus aon cheann de na hathruithe eile a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cúiseanna:

Tá an leasú sin nasctha leis an leasú ar phointe 3.3.b(b). Léirítear leis go soiléir, tar éis an leasaithe atá beartaithe, go dtagraíonn an uastáirgeacht a leagtar síos le haghaidh fíon rosé i bpointe 5 den tsonraíocht táirge go heisiach do tháirgeadh ina mbaintear úsáid as teicníc fuilithe úrfhíona fíonchaor a bhfuil craiceann dearg orthu. Meastar go bhfuil gá leis sin chun an traidisiún táirgthe fíonta rosé ó Navarra a choinneáil ar bun trí bhíthin na teicníce fuilithe, arb é an modh táirgthe tipiciúil é.

3. **Cineálacha nua a thabhairt isteach**

Tuairisc:

Cuireadh na cineálacha fíonchaor a leanas a úsáidtear chun na fíonta a dhéanamh leis an tsonraíocht táirge: GARNACHA ROJA – GARNACHA GRIS agus ONECA.

Leasaíodh pointe 6 agus an chéad mhír de phointe 7.c den tsonraíocht táirge (luaitear na cineálacha nua sa nasc leis an limistéar geografach) agus leasaíodh pointe 7 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin toisc nach n-athraíonn sé saintréithe fíor-riachtanacha an táirge, is é sin fíon ATFC 'Navarra', a eascraíonn as na tosca nádúrtha agus daonna le chéile. Ní bhréagnaíonn sé an nasc leis an limistéar geografach, ná ní hionann é agus aon cheann de na hathruithe eile a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha.

Cúiseanna:

Is cineálacha iad a fhástar sa limistéar go traidisiúnta. D'aimsigh grúpa taighdeoirí ó Roinn Fíonsaothraithe agus Fíoneolaíochta (EVENA) Rialtas Navarra ina gcuid oibre suirbhéireachta ar thréithchineálacha aonair in Navarra ('Cepas Singular de Navarra'), a rinneadh i bhfíonghoirt Navarra ó bhí an bhliain 2004 ann, mar chuid den obair ar bhailiú ábhair fionsaothrúcháin 'Cepas Singular de Navarra-Vinos Old-Vidaos', ar chuir EVENA tús leis in 2004 agus a mheasúnaigh Institiúid Taighde agus Forbartha Talmhaíochta agus Comhshaoil Murcia [*Instituto Murciano de Investigación y Desarrollo Agrario y Medioambiental - IMIDA*] agus is céim fíor-riachtanach é sin maidir clárú a dhéanamh ar chineál i gclár na gcineálacha tráchtála [*Registro de Variedades Comerciales - RVC*]. Mar thoradh ar anailísí níos doimhne a rinneadh ina dhiaidh sin mar chuid de thionscadal INIA RF2012-00027-C5-02 chun geirmphlasma fíonchaor a ndearnadh suirbhéireacht air agus a bhí á chaomhnú sa Spáinn a dhoiciméadú, a thréithriú agus a réasúnú agus chun bailiúchán núicléach a chruthú ('Documentación, caracterización y racionalización del germoplasma de vid prospectado y conservado en España. Creación de una colección nuclear'), deimhníodh uathúlacht ghéinitíopach na gcineálacha Garnacha Roja-Garnacha Gris agus Oneca.

Cuireadh tús leis an bpróiseas chun cineál Oneca a chlárú a luaithe a bhí a shaintréithe leagtha amach, agus áiríodh é ar deireadh sa liosta de chineálacha fíonchaor atá údaraithe in Navarra, mar a liostaítear i bhForaithne Ríoga 526/2023 an 20 Meitheamh 2023, de bhua Orduithe APA/228/2022 agus APA/588/2022, a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Stáit i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh 2022 (Foraithne Ríoga 170/2011). Bhí cineál Garnacha Roja-Garnacha Gris san áireamh cheana féin i liosta na gcineálacha fíonchaor de chuid Phobal Féinrialaitheach Navarra i gcomhréir le hIarscríbhinn XXI a ghabhann le Foraithne Ríoga 1338/2018 an 29 Deireadh Fómhair 2018 lena rialáiltear acmhainneacht táirgeachta fíona (BOE an 30 Deireadh Fómhair 2018).

Mar thoradh ar anailís ar na fíonta ina n-áirítear na cineálacha sin, léiríodh go bhfuil saintréith fhíonta ATFC 'Navarra' á coimeád agus go bhfuil saintréithe cáilíochta ag na fíonta ar saintréithe iad atá suntasach ó thaobh na fíoneolaíochta de agus tá sé fíorthábhachtach nach gcailltear iad.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Navarra

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath idir buí éadrom agus buí órga, gléigeal agus lonrach. Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin thorthaíocha agus/nó bhláthacha agus/nó de phlandaí. Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht aige atá comhtháite go maith, agus bíonn dea-bholadh torthaíoch i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

*Má[RED_ERROR]short indent :3mm
sháraíonn méid na siúcraí iarmharacha 5 g/l, ní mór an méid dé-ocsaíde sulfair a bheith níos lú ná 300 g/l nó cothrom leis sin. Comhlíonfaidh aon teorainn anailíseach nach bhfuil cumhdaithe reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 12,5

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 190

2. *Fíon geal a aosaítear in adhmad (coipthe i mbairille, Crianza, Reserva, Gran Reserva)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath idir buí ar dhath na tuí agus buí órga air, le beagán ómra, gléigeal agus lonrach. Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin adhmadacha agus/nó spíosracha agus/nó dheataithe ann. Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht aige atá comhtháite go maith, bíonn dea-bholadh adhmadach i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Má tá an méid siúcra iarmharaigh níos mó ná 5 g/l beidh an méid dé-ocsaíde sulfair cothrom le 300 g/l nó níos lú ná sin.

Comhlíonfaidh aon teorainn anailíseach nach bhfuil cumhdaithe reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 15

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 190

3. *Fíon geal a dhéantar as fionchaora atá ionfhabhtaithe le Botraíteas*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath idir buí éadrom agus buí órga air, le beagán ómra, gléigeal agus lonrach. Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin thorthaíocha agus/nó bhláthacha agus/nó de phlandaí. Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht aige atá comhtháite go maith, agus bíonn dea-bholadh torthaíoch i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Méadaíonn an aigéadacht luaineach 1 meq/l in aghaidh gach céime de neart iarbhír nádúrtha níos mó ná 10 % de réir toirte.

Comhlíonfaidh aon teorainn anailíseach nach bhfuil cumhdaithe reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 190

4. *Fíon rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath scoth-bhándearg air, gléigeal agus lonrach. Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin de thorthaí dearga agus dubha agus/nó bhláthacha ann. Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht aige atá comhtháite go maith, bíonn dea-bholadh de thorthaí dearga agus dubha agus/nó milis i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Comhlíonfaidh aon teorainn anailíseach nach bhfuil cumhdaithe reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 12,5

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 190

5. *Fíon rosé a aosaítear in adhmad (coipthe i mbairille, Reserva)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath scoth-bhándearg air, gléigeal agus lonrach. Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus dea-bholaithe de thorthaí dearga agus dubha agus/nó adhmadacha air. Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn aigéadacht aige atá comhtháite go maith, bíonn dea-bholadh adhmadach i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Comhlíonfaidh aon teorainn anailíseach nach bhfuil cumhdaithe reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 15

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 190

6. *Fíon dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath idir corcra agus dearg an rúibín air, glé agus lonrach. Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin thorthaíocha agus/nó adhmadacha ann. Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom agus bíonn tathag meánach aige, bíonn dea-bholadh torthaíoch agus/nó adhmadach i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Comhlíonfaidh aon teorainn anailíseach nach bhfuil cumhdaithe reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 12,5

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 140

7. *Fíon dearg a aosaítear in adhmad (Roble, Crianza, Reserva nó Gran Reserva)*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Dath idir corcra-dearg agus dearg agus bíonn imireacha donnrua air, gléigeal agus lonrach. Déine dea-bholaidh idir measartha agus ard, gan aon locht agus toin adhmadacha agus/nó spíosracha agus/nó dheataithe ann.. Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom, agus tathag idir meánach agus lán aige agus bíonn dea-bholadh adhmadach i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Comhlíonfaidh aon teorainn anailíseach nach bhfuil cumhdaithe reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 16,67

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 140

8. *Fíon licéir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

I bhfíonta geala: idir buí éadrom agus donnmhahagaine, gléigeal agus lonrach. I bhfíonta dearga: Dath idir corcra-dearg agus dearg le toin dhonnrua, gléigeal agus lonrach. Dea-bholadh ag a bhfuil déine ard, gan aon locht, le toin de thorthaí aibí nó rísínithe uaidh. Agus é sa bhéal, bíonn sé cothrom, agus tathag idir measartha agus lán aige, agus bíonn dea-bholadh de thorthaí aibí nó rísínithe i gcúl na sróine agus iarbhlas idir measartha agus ard air.

Comhlíonfaidh aon teorainn anailíseach nach bhfuil cumhdaithe reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 190

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas saothraithe

2 400 stoc in aghaidh an heicteáir ar a laghad a bheidh i ndlús na plandála.

Údaraítear uisciú san fhíonghort, agus córais logánta á n-úsáid. Ceadaítear córais uisciúcháin nach córais logánaithe iad (uisciú trí thuile, modh spré-uiscithe) go dtí an 8 Lúnasa gach bliain.

2. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Fíonta geala: fíonchaora geala amháin. Ceadaítear maothú fuar.

Fíonta rosé: ní mór an t-úrfhíon fíonchaor a fháil trí úsáid a bhaint as an teicníc fuilithe nó as an teicníc bhrúite agus is é 40 lítear an toirt uasta údaraithe úrfhíona a fhaightear trí fhuiliú in aghaidh gach 100 cileagram fíonchaor. Ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear a bheith ina gcineálacha ar a bhfuil craiceann dearg.

Fíonta dearga: fíonchaora dearga amháin. Féadfar fíon rosé a chumasc nó a chur le fíon dearg na bliana ina dhiaidh sin, chomh fada agus nach mó an céatadán rosé ná 15 % de thoilleadh iomlán an fhíona dheirg.

Fíonta licéir: Alcól fíona de thoirt ≥96 %, nó meascán idir sin agus úrfhíon, úrfhíon faoi choipeadh, nó fíon, ó Moscatel de Grano Menudo nó Garnacha Tinta agus Blanca ag a bhfuil céim nádúrtha alcóil de thoirt > 12 % a chur isteach. I gcás ina ndearnadh iad sin a aosú, úrfhíon tiubhaithe trí theas díreach, féadfar Moscatel de Grano Menudo agus/nó Garnacha Tinta agus/nó Blanca a chur isteach.

3. Srian a bhaineann le fíonóireacht

Maidir le hullmhú na bhfíonta a chumhdaítear leis an ATFC, toirmisctear úsáid an fháscaidh leanúnaigh fós.

Tosóidh an t-aosú an 1 Deireadh Fómhair sa bhliain chéanna leis an mbuaint.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha geala

9 200 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

64,40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha dearga

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

56 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíon rosé a dhéantar ag baint úsáid as an teicníc fuilithe

32 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Bardais:

Ceantar I: ceann ar bith

Ceantar II: Lumbier, Lónguida, Romanzado agus Urraul Bajo agus Urraul Alto.

Ceantar III: Obanos, Añorbe, Muruzabal, Tiebas-Muruarte de Reta, Adios, Legarda, Uterga, Guirguillano, Puente la Reina, Artazu, Echauri, Ucar, Tirapu, Vidaurreta, Enériz, Cizur.

Ceantar IV: gach bardas cé is moite de Genevilla, Cabredo, Marañón, Aras, Bargota, Viana, Aguilar de Codes, Zuñiga, Etayo, Ancín, Salinas de Oro, Lezaún agus Abárzuza.

Ceantar V: gach bardas cé is moite de Petilla de Aragón.

Ceantar VI: gach bardas cé is moite de Mendavia, San Arian, Azagra, Andosilla agus Sartaguda.

Ceantar VII: gach bardas cé is moite de Cortes, Cabanillas, Fustiñana, Fontellas, Ribaforada de Buñuel.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

ALARIJE - MALVASÍA RIOJANA

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA BLANCA

GARNACHA ROJA - GARNACHA GRIS

GARNACHA TINTA

GRACIANO

MACABEO - VIURA

MAZUELA - MAZUELO

MERLOT

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

ONECA

PINOT NOIR

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíon*

Tá an limistéar a chumhdaítear leis an ATFC 'Navarra' lonnaithe i limistéar geografach i dtuaisceart Leithinis na hIbéire atá an-oiriúnach do shaothrú fíniúna. Aeráid na Meánmhara atá ann a bhfuil tionchar an Atlantaigh uirthi sa réigiún thiar thuaidh, ina mbíonn an phríomhghaoth fuar agus tirim ar fud an limistéir ar fad. Bíonn an mheánfhrasaíocht idir 400 mm agus 500 mm. Tá leibhéil arda aolchloiche, meánleibhéil clochachta, agus uigeacht chrédhúrabhán ag na hithreacha.

Soláthraíonn an timpeallacht gheografach seo fíonta a bhfuil aigéadacht idir measartha agus ard acu, a bhfuil blasanna orgánaileipteacha na húire agus blas cothrom orthu, chomh maith le cineál mianra áirithe mar thoradh ar thípeolaíocht na n-ithreacha.

8.2. *Fíon licéir*

Táirgtear na fíonta go bunúsach ag úsáid cineálacha Moscatel de Grano Menudo, Garnacha Tinta agus Blanca, atá dúchasach do Navarre agus is iad na saintréithe atá acu méid ard siúcra, maothlachas agus ungthacht agus bíonn dea-bholaithe de fhíonchaora rísínithe orthu agus bíonn cothromaíocht mhaith acu idir blasanna milse agus aigéadacha. Faightear an blas ard-dlúis seo mar thoradh ar na dálaí aeráide sonracha, a mbíonn aeráid an-tirim ina saintréith díobh, mar aon le teochtaí arda le linn thréimhse an fháis, frasaíocht íseal agus easnamh buan uisce.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfaidh na carachtair chlóghrafacha a úsáidtear chun ainm an ATFC a chur in iúl a bheith níos lú ná 3mm ná níos mó ná 9 mm ar airde, ar chúis ar bith, agus ní mór dóibh a bheith soiléir, soléite, doscriosta agus gan bheith róthiubh, agus ní fhéadfaidh an t-ainmniúchán a bheith níos mó ná leath de leithead iomlán an lipéid.

Tá lógó an ATFC éigeantach agus ní féidir é a bheith níos lú ná 8 mm nó níos mó ná 11 mm ar trastomhas.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.navarra.es/es/agricultura-y-ganaderia/calidad%20agroalimentaria/denominaciones-de-origen-protegidas#tab-5